

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

**Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim**

TUAIRISC

**Scoil Náisiúnta Thír an Fhia
Leitir Móir, Co. na Gaillimhe
Uimhir rolla: 176890**

Dáta cigireachta: 17 Meán Fómhair 2014



AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS

AN CHIGIREACHT

Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim Tuairisc

Réamhrá

Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU-BCF) i Scoil Náisiúnta Thír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe, i mí Meán Fómhair 2014. Tá an tuairisc seo bunaithe ar cheachtanna a breathnaíodh i raon de chomhthéacsanna foghlama sa scoil, ceistiú na ndaltaí agus breathnú ar a gcuid oibre, cruinnithe leis an bpríomhoide agus le hionadaithe an bhoird bhainistíochta, ceistneoirí a líon tuismitheoirí agus daltaí, agus raon de cháipéisí scoile. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Is scoil Ghaeltachta í seo, lonnaithe i gceantar a aithnítear a bheith faoi mhíbhuntáiste. Tá an scoil páirteach sa scéim DEIS (Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh). Tá 56 dalta ar an rolla faoi láthair. Mar chuid de Phlean Gnímh DEIS na scoile, cuireadh béim ar thinreamh na ndaltaí. Ó shin, tá feabhas mór tagaithe ar chúrsaí tinrimh agus moltar anois an bhéim ar thinreamh a choinneáil.

Tá triúr oidí príomhshrutha, maraon le oide tacaíochta foghlama agus acmhainne amháin ar fhoireann na scoile.

Tá **láidreachtaí** ag an scoil sna gnéithe seo a leanas:

- Oibríonn an bord bainistíochta go dian ar son na scoile.
- Tá an príomhoide cumasach agus díograiseach i mbun oibre.
- Baineann na múinteoirí úsáid as modhanna múinte éagsúla.
- Tá gnóthachtáil na ndaltaí go maith i réimse leathan curaclaim, le gnéithe áirithe den obair an-mhaith.
- Tá caighdeán sa Ghaeilge ar fud na scoile an-mhaith.
- Tá bainistíocht agus iompar na ndaltaí ar fud na scoile go maith.
- Tá obair torthúil curtha i gcrích ag na hoidí i gcúrsaí féinmheastóireachta scoile.

Déantar **na moltaí** seo a leanas:

- Moltar modhanna múinte nua a chur i bhfeidhm don Mhatamaitic, chun cabhrú leis na spriocanna atá aitheanta sa phlean feabhsúcháin scoile a chur i bhfeidhm, agus chun dúshlán matamaitice oiriúnacha a chur ar fáil do na daltaí uile.
- Moltar modhanna idirdhealaithe a chleachtadh níos mó taobh istigh de na rang-ghrúpaí, maraon leis an idirdhealú a chleachtaítear idir na rang-ghrúpaí.
- Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an tseirbhís tacaíochta foghlama agus acmhainní chun níos mó béime a leagan ar luath-idirghabháil agus ar thacaíocht in-ranga.

Tátail

1. Gnóthachtáil foghlama na ndaltaí

- Tá gnóthachtáil na ndaltaí san fhoghlaim go maith ar an iomlán. Sroicheann cuid mhaith de na daltaí caighdeán ard in achair éagsúla an churaclaim, ach go háirithe san Oideachas Ealaíon, idir Cheol, Drámaíocht agus na hAmharcealaíona.
- Sroicheann beagnach gach dalta caighdeán an-ard i nGaeilge éisteachta, labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta. Leagtar béim inmholta ar scríbhneoireacht chruthaitheach, ach go háirithe sna hardranganna, agus tá an obair seo comhtháite go torthúil le hachair eile churaclaim. Cé go bhfuil Gaeilge ó dhúchas ag formhór na ndaltaí agus iad ag teacht ar scoil don chéad uair, moltar clár níos foirmiúla a chur i bhfeidhm ar fud na scoile chun saibhris teanga na ndaltaí a fhorbairt a thuilleadh.

- Aithrisítear agus cantar go leor rann, dán agus amhrán ó na ranganna naíonán go rang a sé. Tá gnóthachtáil de fhorhmór na ndaltaí sa Bhéarla go maith. Sroicheann an chuid is mó de na ndaltaí caighdeán ard i gcúrsaí léitheoireachta, cé go moltar caighdeán na ndaltaí ard-chumasacha a mhéadú níos mó. Cuirtear samplaí fiúntacha de scríbhneoireacht na ndaltaí ar taispeánt go tarraingteach sna seomraí ranga. Is léir ó na díospóireachtaí éagsúla a eagraítear go labhraíonn na daltaí go muiníneach agus go hinniúil agus tá réimse scileanna labhartha sealbhaithe go rathúil acu.
- Leagtar béim chuí ar an Matamaitic i ngach rang agus sroicheann beagnach gach dalta caighdeán maith san ábhar seo. Léiríonn cuid mhór de na daltaí tuiscint mhaith ar fhíricí agus ar choincheapa éagsúla. I gcuid de na ranganna, áfach, níl an caighdeán chomh maith le ranganna eile. Moltar díriú isteach go speisialta ar riachtanais na ndaltaí le deacrachtaí sa Mhatamaitic chun feabhas a chur ar seo. Moltar freisin dúshlán oiriúnacha a chur ar fáil chun na daltaí uile a spreagadh níos mó.
- Tá an obair a dhéantar san Oideachas Shóisialta, Imshaoil, agus Eolaíochta ag gach rang-leibhéal an-mhaith. Moltar go speisialta an obair a dhéantar san Eolaíocht sna bunranganna agus sna meánranganna agus an obair a dhéantar sa Stair agus sa Tíreolaíocht sna hardranganna.

2. Cáilíocht an teagaisc

- Ar an iomlán, tá cáilíocht an teagaisc go maith. I ranganna áirithe, breathnaíodh cleachtais d'ardchaighdeán. Baineann na múinteoirí úsáid as réimse leathan modhanna múinte.
- Faigheann na daltaí bunús éifeachtach i gcúrsaí teangan sna ranganna naíonán. Moltar, áfach, dul i gcomhairle leis an seirbhís tacaíochta foghlama agus acmhainne chun clár luath-idirghábhála níos leithne agus níos éifeachtaí a chur i bhfeidhm do na naíonáin shóisearacha.
- Sa scoil Ghaeltachta seo, leagann na múinteoirí béim inmholta ar scileanna na ndaltaí sa Ghaeilge a fhorbairt. Éiríonn leo scileanna sa Ghaeilge labhartha a leathnú go cumasach. Chun cur leis an gcleachtais seo, áfach, moltar foclóir sainiúil a mhúineadh mar chuid fhoirmiúil de cheachtanna sna hachair curaclaim eile. Moltar freisin an clár foghraíochta agus fóineolaíochta a chur i bhfeidhm i mbealach níos céimniúla do na daltaí is óige, chun na bunscileanna réamhléitheoireachta seo a dhaingniú níos fearr fós. D'fhéadfadh ionchur níos struchtúrtha ón seirbhís tacaíochta foghlama cabhrú leis an obair seo. Éiríonn leis na múinteoirí spéis na ndaltaí sa léitheoireacht Ghaeilge a mhúscailt. Tá stór an-leathan de leabhair Ghaeilge oiriúnacha ar fáil sna leabharlanna ranga.
- Tá cáilíocht an teagaisc sa Bhéarla go maith. Múintear léitheoireacht Bhéarla go cumasach ag gach rang-leibhéal lena mbaineann sé. Baintear úsáid éifeachtach as úrscéalta oiriúnacha chun scileanna léitheoireachta na ndaltaí a fhorbairt. Díritear aird an-mhaith ar an scríbhneoireacht Bhéarla, ach go háirithe sna hardranganna. Déantar monatóireacht rialta ar shaothar scríofa na ndaltaí i ngach rang, agus tugtar aiseolas cabhrach ó bhéal agus i scríbhínn do na daltaí.
- Tá láidreachtaí le sonrú sa teagasc don Mhatamaitic i bhformhór na ranganna. Tá timpeallacht uimhreach an-shaibhir le sonrú ar fud na scoile, laistigh agus lasmuigh de na seomraí ranga uile. Úsáidtear ábhar nithiúil go han-éifeachtach chun spéis na ndaltaí sa Mhatamaitic a mhéadú agus chun na coincheapa a iniúchadh. Eagraíonn na múinteoirí uile gníomhaíochtaí spéisiúla spreagúla do na daltaí. Tá an chuid is mó den idirdhealú idir na rang-ghrúpaí a shonraítear sna ceachtanna matamaitice go maith. Le dhá nó trí rang-ghrúpaí i ngach seomra ranga, áfach, bíonn dúshlán ag na múinteoirí cleachtaí oiriúnacha a roghnú i gcónaí do na daltaí uile. Moltar smaoineamh ar bhealaí éagsúla chun na ceachtanna matamaitice a bhainistiú níos éifeachtaí i gcuid de na ranganna. Moltar, mar chuid de seo, idirdhealú do dhaltaí aonair sna rang-ghrúpaí a chleachtadh níos mó.
- Tá raon maith d'acmhainní agus d'áiseanna ar fáil sa scoil. Tá stór leabhair an-leathan ar fáil i ngach seomra ranga agus tá sé soiléir go mbaineann na daltaí úsáid astu siúd. Baineann na múinteoirí úsáid as an gclárban idirghníomhach chun ceachtanna a dhéanamh níos spreagúla do na daltaí, cé go moltar níos mó úsáide fós a bhaint as ríomhairí i ngach suíomh foghlama.
- Tá an seomra tacaíochta foghlama agus acmhainne curtha i láthair go tarraingteach. Tá an planáil scríofa a chuirtear ar fáil don tseirbhís seo go maith. Tá gaol maith idir dhalta

agus oide sa suíomh seo agus tá an teagasc do dhaltáí aonair go maith. Moltar, áfach, athbhreithniú a dhéanamh ar an méid agus ar an mbealach lena gcuirtear tacaíocht i bhfeidhm, go speisialta do na daltaí is óige. B'fhiú i bhfad níos mó tacaíochta a chur ar fáil taobh istigh den seomra ranga príomhshrutha, ach go háirithe ag tús na bliana.

3. Tacaíocht d'fholláine na ndaltaí

- Tá cáilíocht an chúraim agus na tacaíochta a thugtar do dhaltáí go maith. Tá bainistíocht na ndaltaí ag gach rang-leibhéal éifeachtach agus réitíonn na daltaí go maith lena chéile. Sna ceistneoirí do dhaltáí, sonraítear go bhfuil dearcadh dearfach ag na daltaí don scoil agus go mbaineann formhór na ndaltaí taitneamh as a gcuid scolaíochta agus as na himeachtaí éagsúla a chuirtear ar fáil dóibh.
- Léiríonn ceistneoirí na dtuismitheoirí go bhfuil meas acu ar an scoil agus go gceapann siad go bhfuil an teagasc go maith. Ceapann tuismitheoirí go bhfuil an smacht go maith sa scoil agus go gcaithear go cothrom agus go homósach leis na páistí. Tá cumann na dtuismitheoirí gníomhach sa scoil, cé go moltar do na hoidí smaoineamh ar bhealaí chun tuairimí na dtuismitheoirí a chur san áireamh níos praiticiúla i gcúrsaí scoile as seo amach.
- Thug údarás na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanáí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanáí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*.

4. Ceannaireacht agus Bainistíocht

- Tugann an bord bainistíochta tacaíocht éifeachtach don scoil agus do na múinteoirí. Téann an cathaoirleach i dteagmháil leis an scoil go minic. Tuairiscíodh go mbeadh cuntais na scoile ag dul faoi bhráid chuntaseora i mbliana. Moltar é seo a dhéanamh go bliaintiúil as seo amach. Níl halla sa scoil agus cé go múintear Corpoideachas le cumas, ní féidir clár iomlán san ábhar seo a chur i bhfeidhm nuair nach mbíonn an aimsir feiliúnach. Mar sin, tá sé ar intinn ag an scoil síneadh a thógáil chun ranganna sa bhreis agus spás níos mó a chur ar fáil don scoil. Is é ceann de na tosaíochtaí eile atá ag an mbord ná cúrsaí páirceála na scoile a fheabhsú.
- Tá cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta sa scoil go maith. Tá an príomhoide cumasach agus díograiseach, mar oide ranga agus mar riarthóir scoile. Tá fíis aici don scoil go mbeadh gach dalta go sona sábháilte agus é/í ag foghlaim sa scoil.
- Cabhraíonn obair an phríomhoide tánaisteach leis an bpríomhoide go laethúil i gcúrsaí riaracháin agus bainistíochta éagsúla.
- Cabhraíonn an cuntóir riachtanais speisialta agus an rúnaí páirt-aimseartha go mór le hoibriú réidh na scoile.

5. Féinmheastóireacht Scoile

- Tá obair fhiúntach déanta ag an scoil ar chúrsaí féinmheastóireachta. Bhí plean gnímh DEIS á chur i bhfeidhm ag an scoil cheana féin, roimh thosú ar an bhféinmheastóireacht scoile foirmiúil. Díríonn an plean gnímh DEIS ar chúrsaí tinrimh agus teagasc agus foghlama. Tá ag éirí go maith ag an scoil na spriocanna atá aitheanta sa phlean seo a bhaint amach. Chuir an scoil leis na spriocanna seo sa phróiseas féinmheastóireachta scoile agus sa phlean feabhsúcháin scoile. Tá sé mar aidhm ag an scoil caighdeán sa teanga labhartha a fheabhsú agus scileanna réiteach fadhbanna a fheabhsú sa Mhatamaitic.
- Déantar measúnú foirmiúil go bliaintiúil ar gach dalta ó rang a haon ar aghaidh, le tástálacha caighdeánaithe ar a ndul chun cinn sa Ghaeilge, sa Mhatamaitic agus sa Bhéarla. Déanann an scoil anailís ar na torthaí seo chun spriocanna foghlama a aithint.

Críoch

Tá acmhainn na scoile maidir le cur i bhfeidhm na bhfeabhsúcháin go maith.

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Tuairisc chothrom chruinn.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Foireann na scoile tosnaithe ag cur moltaí na Cigearachta i bhfeidhm.